# Sruthú Comórtais

# Fleadh Cheoil na hÉireann 2026

## An dáta deiridh d'iarratais: 13:00 an 27 Meitheamh 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin.  Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteofar roimh iarratais ar léiriú agus ar shruthú beo comórtais Fhleadh Cheoil na hÉireann 2026 ón Aoine, 7 Lúnasa go dtí Dé Domhnaigh 9 Lúnasa 2026.

Beidh dhá bhloc chomórtas le sruthú sa lá chomh maith le mórchomórtas na mBannaí Céilí Sinsireacha trathnóna Dé Domhnaigh.

Beidh gach comórtas idir uair go leith agus dhá uair ar fhad ach amháin comórtas na mBannaí Céilí Sinsireacha atá ceithre uair a chloig ar fhad.

Beidh léiriú agus stáitsiú na gcomórtas déanta i gcomhar le Comhaltas Ceoltóirí Éireann i Halla *an Waterfront*, / Cois Cuan Bhéal Feirste.

Craolfar an t-ábhar beo ar Youtube Trad TG4, Facebook beo Fleadh Cheoil chomh maith le suíomh idirlíon an Chomhaltais. Beidh an t-ábhar ar fáil ar sheinnteoir TG4 ina dhiaidh sin.

Reachálfae gach comórtas ach amháin comórtas na mBannaí Céilí Sinsireacha san amharclann bheag sa Waterfront.

Beidh na Bannaí Céilí Sinsireacha ar stáitse an amharclann mhóir.

Beidh curaimí agus costais theicniúla uile an léirithe ag brath ar an gcomhlacht léirithe.

Beidh conradh caighdeánach léirithe TG4 i bhfeidhm.  Beidh cearta ilardáin ar fud an domhain ag TG4 go suthain ar na cláir seo.

**Fad:** Sruthú suas le feadh 16 uair ina iomláine thar trí lá.

**Buiséad iomlán:** Suas le €95,000 don soláthar iomlán.

**Sprioc iarratais**: Roimh an 27 Meitheamh 2026.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais mionsonraithe leo.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Sruthú Comórtais Fleadh Cheoil 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie

Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*